

CAIB IV. AN TRÁIGH.

Portáin

Shell	Slige, Plaosg
Crust	Plaosg(?)
Crevico aice	
Wriggle	
Newt	Réab
Armour	Culaidh

SLAMAR INA SLAMARGA SLAODMHAR

Bíonn neart portán de gach cineál le fághail i measg carraig na trágha ach iad a chuartú ins na locháin an t-am a mbíonn an taoille tráighte. Ní sliogáin a chaitheann an portán le n-a chosaint ach plaosg a bhíos greamuighthe dá chorp. Sliogán seadh chaitheann an t-oisire agus an faocha agus a'fíniún agus mórán eile a dtugtar éisg sliogáin ortha. Méaduigheann an sliogán do réir mar bhíos an t-iasg atá istigh ann a' fás, agus lena bheo ní sgarann an t-iasg le na theach.

An phlaosg atá ar an bportán is clúdach crua d'aol í atá greamuighthe dá chraiceann. Ní thig fas ar bith uirthé agus ní thugann sí uaithe beag ná mór. Fágann sin nach mbíonn fás ar bith i ndán don phortán an fhad a bhíos se faoin bplaoisg. Sin é an fáth go sgoitheann sé an phlaosg uair sa mbliain. Airigheann an portán an tráth sgoithé ag teacht agus tugann sé an t-aice faoin bhfeamainn air féin beagán lá roimhe. Is maith leis a bheith i bhfolach san am a gcaitheann sé de a chulaidh cosainte mar is iomdha námha sa bhfairrge a dhéanfadh béile de gan an phlaosg chruaidh ina thimcheall, agus na miotóga cruadha ar a chuid ordóg. Is gearr an saoghal a bhéaradh freangach nó fíogach dhó, nó a ghaol gairid féin, an gliomach.

Nuair a bhíos an portán beagán lá san aice athruigheann an chuid dá chorp atá faoin gcraiceann, athruigheann sé ina uisge agus dá gcraitheá é i do láimh san am sin chloiosfeá plubarnaighil istigh ann. Nuair a athruigheann an bheatha faoin gcraiceann ina uisge cailleann an phlaosg a greim. Airigheann an portán an t-athrú ag teacht air féin agus tig mío-shuaimhneas mór air, agus tosuigheann sé a' lúbarnach ina phlaosg agus ag únfairt agus caitheann sé achar a' cuimilt na n-ordóg dá chéile go dtuirsigheann an obair é. Is ag iarraidh greim na plaoisge a bhogadh a bhíos sé agus eirigheann leis gan mórán moille.

Nuair a bhíos an phlaosg bogtha ar fad pléasgann sí treasna an droma. Truigheann an portán na hordóga chuige agus tig sé go léim tríd an bpléasgadh amach as an bplaoisg. Nuair a bhíos an portán éaluighthe dúnann an phlaosg aríst ar a chéile, agus dá bhfeictheá an portán agus an phlaosg le hais a chéile cheapfá gur dhá phortán a bheadh agat. Fanann an portán dhá uair a' chluig nó trí gan cor as tar éis teacht as an bplaoisg dhó. Bíonn a chorp ar fad san am seo cruaidh, cnapach. Is amhlaidh a bhíonn na féitheacha crapthuighthe aige

leis an saothar a bhíos air ag iarraidh teacht as an bplaoisg. Ní fada go mbíonn sé indon síneadh agus chomh luath agus a bhíonn an crapadh imthighthe dhe tosuigheann an fás ag teacht ann. Tig fás thar cionn ann in achar lae. Is beag nach bhfeicfeá an méadú dhá dhéanamh agus san dara lá is minic

a bhíos portán leath chomh mór aríst agus bhí sé an chéad lá. Ar an bpointe a bhíos fás thar cuimse déanta aige tosuigheann an craiceann ag cruinniughadh aol sáile go mbíonn plaosg nua cruthuighthe aríst air. Nuair a bhíos sé gléasta ina chulaidh cosainte aríst i gceann trí nó cheithre lá tréigean sé an t-aice faoin bhfeamainn cladaigh. Tugann sé an fairrge dó féin gan beann aige ar ghliomach ná freangach.

Sé an bealach céadna atá ag gliomaigh, ag séaclaigh agus ag ribí róibéise. Sgoitheann siad an phlaosg gach bliain in aice gus na carraigreacha, ghníonn said a ndíol fáis tar éis teacht as an sean-chulaidh agus sul má chruinnigheann sias culaidh nua. Nuair a eirigheann siad mór agus aosta tréigean an fás iad agus ní bhíonn ar a gcumas an phlaosg a sgoitheadh níos mó. Fanann an tsean-phlaosg ortha. Is furasta sean-phortán a aithneachtáil. Bíonn griudhain fásta air agus bíonn salachar mara greamuighthe dá dhruim.

Bíonn an portán ina sheadh tar éis an phlaosg nua a fhághail agus an fás bliantúil a bheith déanta aige. San earrach a sgoitheann sé an tsean-phlaosg agus deir an seanfhocal “nuair is fann don ghearrán seadh is fearr don phortán.” Mar bíonn an gearrán lag caithte san earrach ach tig spreacadh agus méid san bportán.

SÚILE AN PHORTÁIN

Bhí fathach ann sa sean-tsaoghal a raibh súil i gcúl a chinn aige, agaus bhí sé i ndon breathnú roimhe agus ina dhiaidh in éinfheacht. Sin é fearacht an phortáin. Tá sé i ndon breathnú roimhe agus ina dhiaidh, ar gach taobh de agus os a chionn. Ní hamhlaidh atá chúig cinn de shúilibh aige. Níl aige ach dhá shúil, ach tá an dá shúil sin déanta chomh cliste is go mb’ionann iad agus cheithre mhíle súil. Is amhlaidh atá dhá adharc ag teacht aníos tríd an bplaoisg. Adharca boga atá aca ar nós adhaircíní seilimide. Ar bharr gach aon adhairce tá súil a bhfuil an-chuimse lionsa cearnógach innte, agus aghaidh aca ar gach aird den domhan. Ní hionann na lionsaí seo agus lionsaí súile a bhfuil sé thaobh ortha. Níl léas solais dá dtig aniar nó anoir ar an

SÚILE AGUS SRÓNA

Tá éisteacht ag an bportán agus boladh agus níl tréith is aistighe ina chorp ná na cluasa agus an gléas bolthóireachta. Má bhreathnuighir ar chloigeann an phortáin bhéarfa tú faoi deara dhá ribe mhóra ag sgeitheimh amach díreach ón bplaoisg. Siad na haithrightheoirí móra iad. Tá péire eile istigh eatortha. Siad na haithrightheoirí beaga iad. Tá altanna ar na haithrightheoirí beaga seo. Má dhearcann tú tríd mindreacán an chéad alt de na haithrightheoirí beaga bhéarfa tú faoi deara spaga beag bídeach ina bhfuil braoinín beag sáile. Tá spaga ar gach airightheoir de na hairightheoirí beaga. Siad na spagaí seo a thugas éisteach don phortán. Ní cluasa géara iad agus níl an éisteacht chomh maith aige agus atá ag an duine agus ceaptar go bhfuil sé bodhar nuair a thriomuighítear as an uisge é. Tá fhios ag an saoghal gur fuide a theigheanns fuaim tríd an uisge ná tríd an aer. Dá gcuirfeá do cheann faoin bpoll i loch ná i bhfairrge la ciúin chloisfeá buillí na maidí rámha ar bhád a

bheadh leath-mhíle uait. Feileann cluasa an phortáin go maith don uisge agus cloiseann sé go maith leo, cé gur bodhrán é ar an talamh tirim.

Dearc anois tríd an mindearcán ar an gcéad alt de na haithrightheoirí móra agus bhéarfaidh tú faoi deara dhá spaga bheaga eile. Siad srón an phortáin iad seo, lena bhfághann sé gach boladh fairrge idir cumhra agus bréan. Más maith leat an méid sin a chruthú dhuit féin níl le déanamh agat ach pota gliomaigh a fhághail agus baoite de de shean-bhreac lobhtha a chur ann, an pota a ísliú sa bhfairrge agus fanacht tamall sul má arduigheann tú aríst é. Gheobhfaidh portán ar bith a bhéas thart san áit, gheobhfaidh sé an boladh bréan agus tiocfaidh sé ar lorg an tsolamais. Béidh sé agat sa bpota nuair a ardóchas tú é.

PLÁTA XXI AN PORTÁN RUADH

Sé an portán blasta an portán ruadh, an ceann a ithtear agus a díoltar ins na siopaí éisg, portán breagh mór é agus teigheann cuid den chineál seo san ainmhéid. Tá ordóga móra láidre aca, agus dá bhfághadh ceann aca greim ordóige ar caoile na láimhe ní bheadh sé éasgaidh a sgaoileadh. Ní in aice an chladaigh a bhíos na portáin mhóra seo ach ar an domhain i bhfad amach. Sgaití gheobhthá portán go réasúnta mór ar an gcladach agus bheadh sé coilgeanach go leor.

Is ait an feithide an portán nuair a bhíos sé ar an tráigh thirim agad. Má sheasann tú go díreach os a chomhair ardóchaidh sé an dá ordóig agus coinneochaidh sé ar deis iad le do bhualadh má shíleann tú teangbháil leis. Má shiubhlann tú timcheall air casfaidh sé thart in éinfheacht leat sa gcaoi go mbeidh aghaidh aige ort i gcomhnaidhe. Má chuirir do láimh in aice leis beidh tú buailte aige mara mbír an-sgioptha.

Is minic portán ruadh faoi ualach bairneach agus faoi phíobáin a fhághann an phéist mara greamuighthe don phlaoisg. Go deimhin is minic plaosg sean-phortáin clúduighthe ar fad le griubháin is le bairneacha agus a léithidí, mar ní sgothann sean-phortán a chulaidh cosanta beag ná mór.

Ní maith leis an bportán baoite den iasg guirt. Is maith leis an ngliomach é. Tagann portáin ins na potaí gliomaigh agus b'fhéidir go dtiocfadh portán mór agus go sáithfeadh sé é féin sa mbearrach, agus go mbeadh lán bearraighe ann agus nach mbeadh sé i ndon dul síos ná aníos ann agus nach leigfeadh sé gliomach sa bpota an oidhche sin.

PLÁTA XXII AN PORTÁN GLAS I

Is as dath na plaoisge atá an portán seo ainmnighthe ach ina aindeoin sin gheobhfaí corr-cheann a mbíonn plaosg dhonn air agus ceanna a mbíonn lár an droma buidhe aca nó faoi bhaill dhubha. Tá bia an phortáin seo blasta go maith le n'ithe ach tá sé chomh beag sin nach fiú le muinntir an chladaigh bacadh leis. Más beag féin é is láidir coilgneach an feithide é agus sé a chuirfeadh greim ordóige san láimh a theangbhóchadh leis sa bhfeamainn nó faoi chloch.

Tá an dá bhealach ag an bportán glas. Caitheann sé cuid dá shaoghal ar an talamh tirim agus an chuid eile, an chuid is mó, san uisge. Tá na geolbhaigh déanta aige i gcaoi go gcuinnigheann siad tais i bhfad tar éis dó eirghe as an uisge. An fhad is bhíos na geolbhaigh tais bíonn na portáin i ndon análú ar an talamh chomh maith is dá mbeadh sé faoin uisge.

Is preabaire gasta sa tóir é, agus cé gur útamálach é tá sé i ndon dreancaidí mara a cheapadh ar an tráigh agus cuileoga féin is mire ná na dreancaidí. Ní leigeann sé tada air go ndruideann sé in aice leo. Éaluigheann sé suas ortha do réir an chéile i gcaoi nach gcuireann sé sgannradh ortha. Buaileann sé de léim iad agus ní thugann spás dóib imtheacht uaidh. Is eol do na hiasgairí gur rud mísgeamhail é sa bhfairrge mar se a bhaineas an baoite den dubhán go minic sul má theangbhugheann breac leis.

Is féidir peata ceannsa a dhéanamh den phortán glas le foighid is cineáltas. Má tugtar lochán uisge sáile dhó agus cloch leath-bháidhte ann ar a mbeidh sé i ndon teacht aníos ag déanamh aeir, beidh sé lán-tsásta leis féin, agus ní fada go mbeidh sé ag ithe as láimh a mháighistir mar d'íosfadh gadhar. Má tugtar isteach sa teach é siubhalfaidh sé timcheall an urláir dá bhreathnú.

PLÁTA XXII AN LUAINNEACHÁN

Is sa bhfairrge is mó a chaitheann an portán ruadh agus an portán glas a saoghal. Tig siad aníos ar an tráigh thirim sgaithte a' cuartú seilge, ach ní fhanann siad i bhfad as an uisge. Sé an t-iongnadh nach bhfuil snámh ag ceachtar aca. Má caithtear ceann aca amach ar an tuinn gabhfadh sé síos díreach go hurlár na fairrge, nó beidh sé a' dul síos go gcastar rud eicint leis a ngreamfadh sé air. Beidh sé ag útamáil leis an méaracha go bhfágadh sé cloch nó slat mara.

Ach tá portán beag a bhíos ins na locháin sáile ar an gcladach agus tá snámh maith go leor aige. Sé an luaisneachán é. Ní hionann na méaracha leath-taoibhe atá aige agus mearacha caola na bportán eile. Is amhlaidh atá bosa beaga leathna ortha agus cluimhreach ag fás timcheall ar na bosa. Is leis na méaracha bosacha a rámhugheann sé é féin chun cinn san uisge.

Is portán beag spéireamhail é ina pheata ach is coilgneach crosta an peata é agus ní fhágadh sé feithide beo dá mbeadh in aon-tsoitheach leis. Má chuirtear péire luaisneachán in aon-tsoitheach le chéile is cinnte go ngabhfadh siad in éadan a chéile go marbhuighidh ceann aca an ceann eile go n'ithidh sé é.

Portán beag álainn maiseamhail seadh an luaisneachán ina bheatha dhó. Tá an phlaosg dorcha faoi chlúnach mín. Tá na stríoca gorma ar na méara agus tá gorm agus dearg ag coibhlint le chéile ar na liodáin bheaga.

PLÁTA XXIII AN CLISMÍN

Portán beag coimhthigheach seadh an clismín. Is deacair greim a fhágáil air ná a fheiceál mar is gnáthach leis a bheith i bhfolach sa ngaineamh agus gan aníos de ach na súile beaga agus an dá airightheoir.

Is minic a chuirfeadh plaosg portáin éadan duine i gcuimhne dhuit, ach tá aghaidh fidil gearrtha ar phlaosg an chlismín agus súile srón agus béal le feiceál go soiléir innte. Is furasta an clismín a aithneachtáil ar an aghaidh fidil agus ar dhéanamh na plaoisge. Plaosg fhada atá aige, ní hionann agus an chuid is mó de na portáin mar is plaosg ghearr leathan atá aca.

Tá na hordóga fada caol agus péire liodán gearra ar chaon cheann aca, agus tá an dá airightheoir mhóra beagnach chomh fada leis na hordóga.

PLÁTA XXIII

AN FAOILEANN

Is mó is cosamhail an portán seo le damhán alla mór ná le fíor-phortán. Sé an t-ughdar atá agam leis sin a rádh tá a chonablaigh an-bheag agus tá na cosa fada caol. Agus tá portáin eile ann a bhfuil an chosmalacht chéadna ortha. Tá a phlaosg lán de bhioranna gearra daingne, agus is minic a bhíos dlaoithe beaga feamainneag fas ar a dhruim. Go deimhin, is maith le gach faoileann barr feamainne a bheith ag fás ar a phlaoisg, agus ní bréag ná áibhéil gurb é féin a chuireas na an fheamainn agus na plandaí mara eile a' fás ar a dhruim. Dá gcuirtheá ceann aca i soitheach uisge, ruainne feamainne a chur leis, d'feicfeá an cur dá dhéanamh aige. Sé an chaoi a dtosúigheann sé, síneann sé na cosa thar a dhruim go sgríobann sé an phlaosg leis na liodáin dá déanamh garbh. Nuair a bhíos an méid sin déanta aige baineann sé dlaoi beag feamainne agus leagann sé ar a dhruim é, agus brúghann sé na fréamracha go teann ar an bplaosg le greim a thabhairt dóibh. Tá an druim lá de dheilgnibh in éinfheacht leis an bioranna, agus coinnígheann siad an fheamainn i ngreim. Ní stadann an portán beag den obair go mbíonn sé ar fad clúduighthe le plandaí mara.

Ní gan ughdar a chuireas an faoileann an feisteas bréige air féin. Is maith a thuigeann sé go bhfuil an fhairrge lán d'alpairí agus go bhfuil gach ceann aca ar thóir greim le n'ithe. Ní thairis a ghabhfaidís dá bhfeicidís é ina chulaidh ghlé-bhuidhe ar fheamainn na stupóige ar urlár na fairrge. Sin é an fáth a gcuireann sé feisteas bréige air féin. An fhad is bhíos sé ar aon dath leis an bhfeamainn ar a mbíonn sé ina luidhe, nó leis an músacán más ar phlannda múscaín a bhíos sé, ní bhéarfaidh an tsúil éisg is géire radharc faoi deara gur portán beag é.

Is mór an t-ughdar pléisiúra faoilean a chur i soitheach a chur i soitheach uisge a bhfuil múscaín ag fás ann. Is gearr a bhéas sé ann go mbainidh sé de a chulaidh feamainne agus clúdóchaidh sé é féin leis na múscaín i leabaidh na feamainne. Ní bheadh aon mhaith sa bhfeamainn ináir nach mbeadh neart ann di ina thimcheall, agus má chuirir faoilean clúduighthe le múscaín isteach i soitheach a bhfuil plandaí feamainne ag fás agus gan aon mhúsacán ann bainfidh sé de an chulaidh mhúscaín ar an mbealach céadna agus clúdóchaidh sé é féin le feamainn.

Téigheann cuid de na faoileain san an-mhéid. Go deimhin níl portán ar bith ar thráigheanna na tíre seo chomh mór le ceann aca ach an portán ruadh féin. Is minic fad ocht n-ordlach sa bplaosg agus leithead sé hordlaí, agus bíonn na hordóga chúig ordlach déag aige. Ithtear sgaithtí é ach ní biadh blasta é.

PLÁTA XXIV

PORTÁN AN GHUIB

Conablaigh beag i gcomórtas lena chosa atá ag portán an ghuib. Tá na cosa chomh fada go deimhin go gcuireann siad snáthaid an phúca i gcuimhne dhuit. Tá gob fada ar éadan na plaoisge, chomh fada leis an bplaosg féin. Glé-dhath flann-dearg agus mianach rua-chorcra tríd atá ar an mbplaosg go n-éagann sé. Tá an cineál gann go leor ach bíonn corr-cheann aca le feiceál ins na locháin cladaigh, agus clúdach feamainne nó múscaín ortha mar bhíos ar an bhfaoilean.

PLÁTA XXIV AN PORTÁN IARAINN

Is ceann eile de na portáin atá ag dul i gcosmhalacht leis an dubhán alla an portán iarainn. Deirtear go bhfuil an phlaosg atá air chomh cruaidh le iarann, agus sin é an t-ughdar ar tugadh portán iarainn air. Tá gob fada air a bhfuil cheithre hadhaircíní air agus is minic an druim clúduighthe le feamainn ghrúnaigh. De chineál atá an-fhairsing an portán seo, agus déanann siad mísg mhór ins an potaí gliomach. Nuair a chuirtear pota dóibh féin agus a dhíol baoite ann is minic sgór aca nó sgór go leith gabhtha in éinfheacht sa bpota.

PLÁTA XXV THE PEA CRAB

Portán beag bídeach gleoite seadh an portán seo. Nuair a bhíonn sé fásta ina mhéid féin ní bhíonn thar leath-ordlach d'fhaid ina phlaoisg. Tá conablach agus plaosg chomh cruinn ina ndéanamh go sílfeá gur mirle beag é marach go bhfuil dath breagh uachtar bainne air.

Ní hé a laghad ná an déanamh is mó a chuirfeadh iongnadh ort ach an t-áitreabh a bhíos aige. Téigheann sé a chomhnuighiú in éinfheacht le ruacan nó diúilicín nó leis an gcluais, ins an sliogán céadna. Bíonn an t-iasg sásta an cuartaidhe a fhágáil istigh agus ní bhacann ceachtar aca leis an gceann eile.

Is cinnte go bhfuil dúil ag an bportán san diúilicín marbh ach ní bhlaiseann sé den diúilicín beo ná dean ruacan an fhaid a bhíos sé ar aoidheacht aca. B'fhéidir gur le fosgadh agus cosaint a fhághail a théigheann sé i sliogán éisg eile; is deacair a rádh. Is portán beag faiteach é agus fosgluightear an sliogán ina mbeidh sé crapfaidh sé na cosa beaga agus ní bheidh cor as go ceann achair. Beidh sé ag leigean báis air féin.

Tá na portáin seo an-fhairsing ar thráigheanna aithride agus ní fhosglóchá cheithre cinn de na diúilicíní gan trí cinn de phortáin bheaga a fhághail istigh ionnta.

PLÁTA XXV CRAB CATERPILLAR

Ní thig an portán glan díreach as an eochrach(an ubh). Míol an-bheag ar fad seadh an portán an chéad lá, agus níl aon chosmhalacht air go bhfásfaidh sé ina phortán. Tá ribe cuarach as a cheann agus agus ceann eile as an taobh thiar. Bíonn an t-earball caol ar bogadh.

Gluaiseann sé go réidh san uisge agus sé cleas an tradhaill an cleas chun snáimh atá aige. Teigheann sé thar mhullach a chinn sa gcleas agus cuireann an iarracht chun cinn san uisge é.

Feithidí foghainteacha seadh míola an phortáin. Tá dúil aca sa mbeatha lobhtha a bhíos ar snámh ar fud na fairrge, agus a mhillfeadh an fhairrge le salachar mura mbeadh go n-itheann na míola portáin é. Níl ionnta ach cuid bheag den chuimse mór míol a choinnigheas an fhairrge agus an talamh glan den lobhacht. Tá an fhairrge lán díobh agus na lochanna agus na haibhneacha agus talamh an domhain lán díobh. Siad sguabadóirí na fairrge iad. Siad a choinnigheann an t-aer folláin agus an fhairrge.

Tá cuimse mhór de mhíola portán sa bhfairrge. Is ortha is mó atá cineál amháin míol móir ag teacht suas mar is mó díobh a itheann sé ná d'aon rud eile – míol mór Greenland. Tá dhá chineál de na míolta móra ann – an cineál a bhfuil fiacra aca agus an cineál maol-bhéalach

atá gan fiacla. Míola móra atá gan fiacla tá an craos chomh cumhang aca go dtachtfadh sgadán ceann aca dá bhféachadh sé lena shlugadh. Sin é an fáth nach bhfuil aon bheathadh dóibh ach feithidí beaga bídeacha na fairrge.

Níl aon chuimne ar an méad míolta portáin a bhíos i gcluichí le chéile ar snámh sa bhfairrge, agus is greannmhar an chaoi a ngabhann an míol mór iad. Tá béal uachtair an mhíl mhóir lán de chláracha tanaidhe cnáimh. Tá na cláracha seo ag dul i dtanaidheacht agus i gcaoile (i gcomhangas) siar go dtí an sgórnach agus tá siad snoidhte chomh mór i mbéal na sgornaighe ná bhfuil ionnta ach slisneach nó fionnach dlúth. Is leis an bhfionnach seo a ghabhann an míol mór na míola portán. Nuair a chasann an cluiche míol portáin leis fosglann sé a bhéal. Ag dul tríd an gcluiche dó leigeann sé anuas na cláracha cnámh a bhfuil sgagadóir fionnaidh ó uachtar a bhéil. Dúnann sé a bhéal aríst agus cuireann an t-uisge amach trí sgagadóir as a bhéal. Annsin druideann sé a bhéal agus sloigeann sé na míola atá gabhtha ag an sgagadóir. Tá sé ráidhte go sluigeann an míol mór cupla míle míol sa turas. Nuair a bhíos lán béil slugtha aige seolann se leis aríst go ngabhaidh sé lán béil eile. Is aisteach an sgéal é an t-ainmhidhe is mó sa domhan a bheith i gcléith na bhfeithidí is lugha, ach is amhlaidh atá.

PLÁTA XXV

CRAB CHRYSALIS

(Bolgshúil, Criosalóid)

An t-am a mbíonn spig ar bith de na spigeanna míl ina sheogh is ina mhéid sgoitheann sé a chraiceann agus nochtuigheann sé ina chrisalóid. Sé an chaoi chéadna a dhéanann spig an phortáin. Sgoitheann sé a chraiceann nó a phlaosg agus nochtuigheann sé i gcrot nua ar fad. Gairmtear megalopa de nó bolgshúil, focal a chialluigheann súile móra. Tá sé féin chomh beag le dreanacaid ach tá súile móra aige le hais a chloiginn. Taobh amuich de na mogaill atá siad ar bharr an dá mhéir atá fásta as na mogaill amach. Tá an hadharca imthighthe de agus tá an plaosg agus an conabhlach ag dul i gcosmhalacht le fíor-phortán. Tá na hordóga ag gobadh amach air agus tá na cosa ag eirghe níos fuide. Tá an t-earball éasgaidh i gcomhnaidhe air cosmhail le earball an ghliomaigh, agus sé cleas an tradhaill an módh snámha atá aige, agus níl de bheatha aige ach an mianach lobhtha mara a bhí aige nuair a bhí sé ina spig. Sgoitheann sé a chraiceann aríst i gceann roinnt seachtainí agus nochtuigheann sé ina phortán ceart.

PLÁTA XXVI

NA PORTÁIN FAOCHAN, GLIOMAIGH FAOCHAN

Chíodhmuid go minic gliomach beag bídeach ina chomhnaidhe i sliogán cuachma nó i sliogán faocha chapaill. Fágann an taoille trágha tirim ar an ngainimh é, nó fágann sí i lochán i measc na gcarraig é. Bíonn na hordóga cruadha ag seitheamh thar bhéal na faochan amach. Sé an gliomach faochan é nó an díthreabhach mar a thugas an Béarla air. Faocha ghliomaigh atá ar an bhfaocha a mbíonn sé. Tá earball éasgaidh sgaoilte air mar atá ar an ngliomach mór – níl an t-earball fáisgte den chonabhlach, agus cé go bhfuil clúdach blaoisge ar a chonabhlach agus ar na cosa agus ar na hordóga níl cosaint ar bith aige ar an

earball aige ach an craiceann. Sin é an t-ughdar go mb'éigean dó aire mhaith a thabhairt don earball i gcomhnaidhe. Tá an faitchíos síoruidhe air go dtiocfaidh ceann de na halpóirí bradacha aniar air agus go mbainfidh sé greim as a earball an t-am nach mbeidh sé féin san airdeall ortha. An dá luath is a bhíos ciall ar bith aige sáthann sé é féin i ndiaidh a chúil isteach i sliogán faocha chapaill nó i sliogán cuachma, agus fanann sé ina chomhnaidhe ann go lá a bháis nó go gcuirtear as é. Go deimhin ní féidir a mhealladh as nó a streachailt féin gan a lot. Nuair is mian leis dul ar imirce tógann sé leis an sliogán, dá tharraingt ina dhiaidh. Bíonn greim earbaill aige ar an sliogán istigh. Tá teannchur beag dá ghiall aige ar an earball le n-a chuireann sé greim.

Tá aon bhealach amháin le gliomach faochan a chur as an sliogán, agus nuair a féachtar an bealach sin leis tig sé amach de léim. Sé an bealach é sin é a leagan anuas ar cheann amháin de na bundúin leice. Cuireann an bundún leice ag crith ina chraiceann é. Nuair a airigheann an bundún ar a bharr é tosuigheann air a' crapadh isteach na ngéaga agus is maith a thuigeann an gliomach faochan an fonn slugtha atá ar an mbundún, agus go mbeadh deireadh go luath leis féin dá bhfanach sé. Teigheann sé de léim as an sliogán agus greadann sé leis ar a mhine géire sul má fhágann an bundún greim air. Ní fhágann sé ag an mbundún ach an sliogán folamh.

Is suarach an feithide an gliomach faochan gan a theach beag. Tá a earball nochtuighthe agus cuireann sé fonn ithe ar gach alpóir. Ní bhaineann iadhamh ná forás don ghliomachán nó go bhfágann sé sliogán eile agus e folamh le cur faoi ann. Mara bhfágann sé ceann fairsing ar an bpointe sáthann sé an t-earball isteach i sliogán beag faochan agus b'fhéidir nach dtiocfadh den earball ann ach an barr, agus is fearr leath-bhualóg na bheith gan arán(Is fearr global féin ná bheith gan snáth). Chuirfeadh an sliogán beag ar earball mearacán ar bharr méire i gcuimhne duit. Tiomáineann sé leis agus ní hualach mór sa tsiubhal air an teach sealadach. Is garr go gcastar leis sliogán is fairsinge ná é. Moill nó comhnaidhe ní dhéanann sé ach ach a dhul de léim as an sliogán beag agus a dhul i ndiaidh a chúil isteach sa gceann nua. Mara mbídh an ceann nua sáthach fairsing dó ní chomhnóchaidh sé go bhfágadh sé ceann eile níos fearr.

B'fhéidir go dtiocfá suas corr uair le bundún leice agus é greamuighthe don tsliogán a bhfuil an díthreabhach seo ina chomhnaidhe ann. Is aduan an bealach é ach mar sin a bhíos sé. Tuigeann siad a chéile. Ní bhacann an bundún leis an ngliomach agus ní bhacann an gliomach leis an mbundún. Foghanann an comhar don phéire. Ní tiocfaidh amplóir ar bith in aice leis an ngliomach faochan an fhaid a bheidh sé fá choimirce an bhundúin agus is iomdha amplóir ann a sluígfeadh ina ghreim é, é féin agus an sliogán, dá mbeadh sé le fágáil aige gan an bundún leice. Is eol do na héisg goimh a bheith ag an mbundún leice, agus ní maith leo blaiseadh de ar aon chor.

Doirseoir mór seadh an bundún ag an ngliomach faochan nach leigeann d'aon rud bacadh leis. Sé an cúiteamh a fhághas an bundún roinnt de chuid an díthreabhaigh. Nuair a fhághas an díthreabhach corpán ar urlár na fairrge réabann sé ó chéile é ina mhionsprúdhán le n'ithe. An fhad is bhíonn sé dhá ithe bíonn bloghanna beaga de ag eirghe ar snámh san uisge, agus ag imtheacht uaidh. Fágann an bundún leice greim ar na bloghanna beaga seo lena

ghéaga agus bailigheann sé chuige iad. Bíonn an conablach ag an ngliomach faochan agus an chaolchuid ag an mbundún leice. Bíonn a sáith aca araon agus ní bhíonn locht aca ar a chéile ná doicheall.